

FÓGRA POIST

Folúntas mar Fheidhmeannach Foilsitheoireachta le COMHAR

Ról

Tá Feidhmeannach Foilsitheoireachta á earcú ag COMHAR, príomhfhoilsitheoir náisiúnta na Gaeilge.

Beidh an té a cheapfar ag plé le *Leabhair*COMHAR. Conradh 15 mhí (Meán Fómhair 2024 - Nollaig 2025) atá á thairiscint. Is féidir go gcuirfear síneadh leis ag deireadh na tréimhse sin.

Folúntas

1 x Post Lánaimseartha

nó

2 x Post Páirtaimseartha (3 lá/seachtain)

Tá oifig COMHAR lonnaithe ar Shráid Harrington, BÁC 8. Beidh deiseanna maithe obair chumaisc ar fáil.

Tuarastal

€36,044 - €37,965 - €39,050 - €41,167 (Pointe 1-4, Grád: Oifigeach Feidhmiúcháin)

Pointe tosaigh ag brath ar thaithí.

Iarratais

Spricdháta: meán lae, Dé hAoine, 26 Iúil 2024

Tuilleadh eolais faoin bpost ar fáil sa Sainchuntas Poist.

Príomhfhoilsitheoir náisiúnta na Gaeilge is ea COMHAR:

- a fhoilsíonn iris mhíosúil liteartha na Gaeilge, *Comhar*,
- a bhfuil inphrionta foilsitheoireachta leabhar, *Leabhair*COMHAR, á rith aige,
- a fhoilsíonn iris acadúil phiarmheasta bhliantúil COMHAR*Taighde*,
- a bhfuil baint aige le tionscadail eile i réimse na foilsitheoireachta.

Faigheann COMHAR tacaíocht ó na heagraíochtaí seo a leanas: Foras na Gaeilge, Clár na Leabhar Gaeilge, An Chomhairle Ealaíon, Acadamh Ríoga na hÉireann, COGG.